

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Téarmaí Úsáide Ábhair a chuirtear ar fáil ar registers.nli.ie

IARRTAR ORT NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA ÚSÁIDE A LEANAS A LÉAMH GO CÚRAMACH. LEAGTAR AMACH IONTU SEO AN BONN AR A gCEADAÍTEAR DUIT AN FHAISNÉIS AGUS AN TÁBHAR A ÚSÁID A CHUIRTEAR AR FÁIL AR registers.nli.ie (“AN TÁBHAR”).

Tá dhá chatagóir fhairsinge i gceist leis an Ábhar: faisnéis agus ábhar ina bhfuil cóipcheart, cearta bunachar sonraí nó a mhacasamhail de chearta i gceist (“**Ábhar Cóipchirt**”) agus faisnéis agus ábhar nach mbaineann aon chóipcheart nó cearta bunachar sonraí leo (“**Ábhar Neamhchóipchirt**”). Ábhar Cóipchirt atá i gceist leis an Ábhar den chuid is mó, seachas íomhánna bhailiúchán LNÉ de mhicreascannáin chlár paróiste Chaitlicigh atá ar fáil ar registers.nli.ie, arb Ábhar Neamhchóipchirt iad.

Tá Ábhar Cóipchirt ceadúnaithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (“**LNÉ**”) faoi Cheadúnas Idirnáisiúnta 4.0 Aitreabúideacht Neamhthráchtála Creative Commons. Chun féachaint ar chóip de Cheadúnas Idirnáisiúnta 4.0 Aitreabúideacht Neamhthráchtála Creative Commons (an “**Ceadúnas Poiblí**”), tabhair cuairt ar <http://creativecommons.org/licenses/by/4.0/> nó seol litir chuig Creative Commons, Bosca Poist 1866, Mountain View, CA 94042, SAM.

Tá Ábhar Neamhchóipchirt ceadúnaithe ag LNÉ faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach thíos (“**Ceadúnas LNÉ**”).

Aithníonn Tú nach gceadaítear duit an tÁbhar a úsáid ach faoi mar a údaraíonn an Ceadúnas Poiblí nó Ceadúnas LNÉ, faoi mar is infheidhme, nó faoi mar a údaraíonn LNÉ go sainráite i scríbhinn.

Ceadúnais LNÉ

Trí aon úsáid a bhaint as an Ábhar Neamhchóipchirt (a dtugtar sainmhíniú air thíos), glacann Tú agus comhaontaíonn Tú a bheith faoi cheanglas na dtéarmaí agus coinníollacha seo (“**Ceadúnas LNÉ**”). Deonaíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (“**LNÉ**”) na Cearta Ceadúnaithe (a dtugtar sainmhíniú orthu thíos) mar bhreithniú nuair a ghlacann Tú leis na téarmaí agus coinníollacha seo, agus deonaíonn LNÉ Duit na cearta siúd mar bhreithniú ar na tairbhí a bhaineann LNÉ ó Ábhar Neamhchóipchirt a chur ar fáil faoi na téarmaí agus coinníollacha seo.

1. **Sainmhínithe**

Ciallaíonn “**Ábhar Oiriúnaithe**” ábhar a baineadh ó nó atá bunaithe ar aon Ábhar Neamhchóipchirt agus ina bhfuil aon Ábhar Neamhchóipchirt aistrithe, athraithe, eagraithe, trasfhoirmithe, nó mionathraithe ar bhealach eile;

Ciallaíonn “**Cearta Ceadúnaithe**” na cearta a dheonaítear duit faoi Chlásal 2.1, faoi théarmaí agus coinníollacha Cheadúnas seo LNÉ;

Ciallaíonn “**Neamhthráchtála**” nach bhfuil sé beartaithe go príomha le haghaidh nó dírithe i dtreo buntáiste nó gnóthachain nó cúiteamh airgeadaíochta;

Ciallaíonn “**Ábhar Neamhchóipchirt**” íomhánna bhailiúchán LNÉ de mhicreascannáin chlár paróiste Chaitlicigh atá ar fáil ar registers.nli.ie;

Ciallaíonn “**Roinn(t)**” ábhar a sholáthar don phobal trí bhealach nó próiseas ar bith, ar nós atáirgthe, taispeáint phoiblí, feidhmíocht phoiblí, leithdháilte, scaipthe, cumarsáide, nó iompórtála, agus chun ábhar a chur ar fáil don phobal, bealaí ina measc inar féidir le muintir an phobail rochtain a fháil ar an ábhar ó áit agus ag am a roghnaíonn siad ar bhonn aonair;

Ciallaíonn “**Tú**”, “**Do**” etc. an duine aonair nó an t-aonán a fheidhmíonn na Cearta Ceadúnaithe faoi Cheadúnas seo LNÉ.

2. **Scóip**

- 2.1 Faoi réir théarmaí agus choinníollacha cheadúnas seo LNÉ, deonaíonn LNÉ Duit, leis seo, ceadúnas domhanda, saor ó ríchíos, neamh-in-fhotheadúnaithe, neamheisiach, do-chúlghairithe (faoi réir Chlásal 5) leis an **Ábhar Neamhchóipchirt** a úsáid, a oiriúnú agus a Roinnt ar mhaithe le cuspóirí Neamhthráchtála amháin.
- 2.2 Údaraíonn LNÉ Duit na Cearta Ceadúnaithe a fheidhmiú i ngach meán agus formáid cibé acu más eolach orthu anois nó má chruthaítear amach anseo iad, agus chun na mionathruithe teicniúla a dhéanamh atá riachtanach chun amhlaidh a dhéanamh. Comhaontaíonn LNÉ ar agus/nó déanann LNÉ aon cheart nó údarás a tharscaoileadh chun toirmeasc a leagan Ort ó aon mhionathruithe teicniúla a dhéanamh is gá chun na Cearta Ceadúnaithe a fheidhmiú.
- 2.3 Ní hionann aon rud i gceadúnas seo LNÉ nó ní fhéadtar a mheas gurb ionann aon rud sa cheadúnas seo agus cead lena dearbhú nó lena thabhairt le fios go bhfuil Tú féin, nó go bhfuil nasc idir an úsáid a bhaineann Tú as aon **Ábhar Neamhchóipchirt**, le, nó go ndéanann LNÉ nó páirtithe eile atá sainithe chun aitreabúideacht a fháil, an nasc seo urrú, a fhormhuiniú, nó stádas oifigiúil a bhronnadh ar an úsáid seo, faoi mar a fhoráiltear i gClásal 3.1(a) thíos.
- 2.4 Níl cearta morálta, ar nós cheart na sláine, ceadúnaithe faoi Cheadúnas seo LNÉ, ná níl poiblíocht, príobháideacht, agus/nó cearta cosúla pearsantachta eile; a mhéid is féidir, áfach, tarscaoileann agus/nó comhaontaíonn LNÉ gan aon chearta den saghas sin a dhearbhu atá á gcoimeád ag LNÉ ach a laghad is gá chun ligean Duit na Cearta Ceadúnaithe a fheidhmiú, ach gan iad a fheidhmiú ar aon bhealach eile.
- 2.5 Níl cearta paitinne agus trádmhairc ceadúnaithe faoi Cheadúnas seo LNÉ.
- 2.6 Seachas mar a luaitear go sainráite sna téarmaí agus coinníollacha seo, ní dheonaíonn Ceadúnas LNÉ Duit aon chearta i leith, nó in, aon chearta maoinne intleachtúla nó aon chearta nó ceadúnais eile i dtaca leis an **Ábhar Neamhchóipchirt**.

3. **Coinníollacha an Cheadúnais**

- 3.1 Déantar feidhmiú na gCearta Ceadúnaithe agat féin go sainráite faoi réir na gcoinníollacha a leanas:
 - (a) Má Roinneann Tú aon **Ábhar Neamhchóipchirt** (i bhfoirm mhionathraithe chomh maith), ní mór Duit:

- (i) an méid a leanas a choimeád má sholáthair LNÉ é leis an Ábhar Neamhchóipchirt:
 - (A) aitheantas chruthaitheoir/chruthaitheoirí an Ábhair Neamhchóipchirt agus aon duine eile atá sainithe chun aitreabúideacht a fháil, ar aon bhealach réasúnta a iarrann LNÉ (trí ainm cleite, chomh maith, má sainíodh seo);
 - (B) fógra a thagraíonn do Cheadúnas seo LNÉ;
 - (C) URL nó hipearnasc leis an Ábhar Neamhchóipchirt a mhéid agus is indéanta go réasúnta;
 - (ii) a thabhairt le fios má mhionathraigh Tú an tÁbhar Neamhchóipchirt agus cé acu ar tugadh nó nár tugadh aon mhionathruithe roimhe seo le fios; agus
 - (iii) a thabhairt le fios go bhfuil an tÁbhar Neamhchóipchirt ceadúnaithe faoi Cheadúnas seo LNÉ, agus téacs, nó URL nó hipearnasc Cheadúnas seo LNÉ a chur san áireamh.
- (b) Féadfaidh tú na coinníollacha i Mír 3.1(a) a shásamh ar aon bhealach réasúnta bunaithe ar an meán, an bealach, agus an comhthéacs ina ndéanann Tú an tÁbhar Neamhchóipchirt a Roinnt. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith réasúnta chun na coinníollacha a shásamh trí URL nó hipearnasc a sholáthar le hacmhainn ina gcuimsítear an fhaisnéis riachtanach.
- (c) Má iarrann LNÉ ort, ní mór Duit aon chuid den fhaisnéis a theastaíonn faoi Chlásal 3.1(a)(i) a bhaint a mhéid agus is indéanta go réasúnta.
- (d) Ní féidir leat aon téarmaí nó coinníollacha breise nó éagsúla a chur ar tairiscint nó a ghearradh ar aon Ábhar Neamhchóipchirt nó aon Ábhar Oiriúnaithe má dhéanfar an méid a leanas trí amhlaidh a dhéanamh:
- (i) cosc a chur ar fheidmiú na gCeart Ceadúnaithe ag aon tríú páirtí lena soláthraíonn Tú aon Ábhar Neamhchóipchirt; nó
 - (ii) cosc a chur ar aon tríú páirtí ó théarmaí Cheadúnas seo LNÉ a chomhlíonadh.

4. Séanadh Barántaí agus Teorannú Dliteanais

- 4.1 A mhéid agus a cheadaítear faoin dlí infheidhme, cuirtear an tÁbhar Neamhchóipchirt ar fáil ar bhonn 'faoi mar atá sé' agus gan aon uirill nó barántaí d'aon saghas. A mhéid agus a cheadaítear faoin dlí infheidhme, eisióinn LNÉ, leis seo, gach baránta, coinníoll, uiríoll, ráiteas, téarma agus foráil shainráite nó intuigthe ag reacht, dlí coiteann nó ar bhealach eile, ina measc agus gan bheith teoranta dóibh, barántaí teidil, indíoltacht, oiriúnacht do chuspóir ar leith, neamhshárú, easpa follais nó lochtanna eile, cruinneas, nó láithreachacht nó easpa earráidí, cibé acu feasach nó infhionnta.
- 4.2 A mhéid agus a cheadaítear faoin dlí infheidhme, ní bheidh LNÉ faoi dhliteanas, i gcás ar bith, Duit faoi aon teoiric dhlíthiúil (ina measc agus gan bheith teoranta dóibh,

conradh, faillí nó diandliteanas) nó ar bhealach eile as aon chaillteanas nó díobháil ar bith a eascraíonn as Ceadúnas seo LNE nó an tÁbhar Neamhchóipchirt a úsáid, ina measc agus gan bheith teoranta dóibh, aon chaillteanas díreach, speisialta, indéach, teagmhasach, eacnamaíoch, pionósach, eiseamláireach, nó aon chaillteanais, costais, speansais, nó díobhálacha eile, fiú má cuireadh LNE ar an eolas go bhféadfadh na caillteanais, costais, speansais, nó díobhálacha siúd a bheith i gceist.

- 4.3 Bainfead an tuiscint as an séanadh barántaí agus an teorannú dliteanais a sholáthraítear thuas ar an mbealach sin, a mhéid agus is féidir, a dhéanann an séanadh is iomláine agus is féidir den séanadh agus a fhágann gach dliteanas ar lár.

5. Téarma agus Foirceannadh

- 5.1 Mairfidh Ceadúnas LNE a fhad agus a fheidhmíonn Tú aon Chearta Ceadúnaithe. Má theipeann Ort, áfach, Ceadúnas seo LNE a chomhlíonadh, déanfar Do chearta faoi Cheadúnas seo LNE a fhoirceannadh go huathoibríoch. Gan dochar a dhéanamh don mhéid roimhe seo, féadfaidh LNE ach ní bheidh dualgas ar LNE Thú a chur ar an eolas ar theip ar chomhlíonadh Cheadúnas seo LNE.

- 5.2 Sa chás gur foirceannadh Do cheart chun an Ábhar Neamhchóipchirt a úsáid faoi Chlásal 5.1, déantar é a athdheimhniú:

- (a) go huathoibríoch amhail ón dáta a chuirtear an sárú ina cheart, a fhad agus a chuirtear ina cheart é laistigh de 30 lá tar éis gur tháinig Tú air; nó
- (b) nuair a dhéanann LNE é a athdheimhniú go sainráite.

Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, ní dhéanann Clásal seo 5.2 difear d'aon cheart a d'fhéadfadh bheith ag LNE chun réitigh a lorg ar Do shárúithe ar Cheadúnas seo LNE.

- 5.3 Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, féadfaidh LNE an tÁbhar Neamhchóipchirt a chur ar tairiscint, chomh maith, faoi théarmaí agus coinníollacha ar leith nó stop a chur leis an Ábhar Neamhchóipchirt a leithdháileadh ag aon tráth, ach ní dhéanfaidh amhlaidh Ceadúnas seo LNE a fhoirceannadh, áfach.

- 5.4 Beidh Clásail 1, 4 agus 6 fós i gceist má dhéantar Ceadúnas seo LNE a fhoirceannadh.

6. Ginearálta

- 6.1 Cuimsítear sna téarmaí agus coinníollacha seo an comhaontú iomlán idir Tú féin agus LNE maidir le hábhar Cheadúnas seo LNE. Aithníonn tú agus comhaontaíonn tú, trí iontráil i gCeadúnas seo LNE nach mbraitheann Tú ar agus nach mbeidh aon réitigh agat maidir le, aon ghealltanais, gealladh, dearbhú, ráiteas, uiríoll, baránta nó tuiscint (cibé acu i scríbhinn nó a mhalairt) d'aon duine (cibé acu más páirtí iad le Ceadúnas seo LNE nó mura páirtí iad) a bhaineann le hábhar Cheadúnas seo LNE, seachas faoi mar a leagtar amach go sainráite sna téarmaí agus coinníollacha seo. Ní oibríonn rud ar bith sa chlásal seo chun aon dliteanas i dtaobh calaoise a theorannú nó a eisiáimh.

- 6.2 Tá an ceart ar cosaint ag LNE chun na téarmaí agus coinníollacha seo a éagsúlú ag aon tráth agus ó thráth go tráth. Sonrófar ar registers.nli.ie an dáta is déanaí a leasaíodh na téarmaí agus coinníollacha seo. Má leanann Tú le haon Ábhar Neamhchóipchirt a úsáid i ndiaidh go ndéantar aon leasú ar na téarmaí agus coinníollacha seo, measfar gur ghlac Tú leis na leasuithe siúd.
- 6.3 Ní fhéadfaidh tú aon chinn de Do chuid cheart nó oibleagáidí faoi Cheadúnas seo LNE a shannadh, a aistriú, a fhochoonrú nó déileáil leo ar bhealach eile gan toiliú scríofa a fháil roimh ré ó LNE.
- 6.4 Ní bheartaítear go ndéanfaidh nó ní dhéanfaidh aon rud i gCeadúnas seo LNE beartaithe comhpháirtíocht a chruthú idir LNE agus Tú féin nó ní dhéanann aon rud i gCeadúnas seo LNE gníomhaire thú de LNE nó a mhalairt. Níl aon údarás nó cumhacht agat chun dliteanas a cheangal, a chonrú in ainm, nó a chruthú do, LNE ar bhealach ar bith ar chuspóir ar bith.
- 6.5 Ní ionann a bheidh moill nó teip ag LNE ar Cheadúnas seo LNE nó aon chuid de a fheidhmiú agus tarscaoileadh ag LNE ar a gcuid ceart agus réiteach.
- 6.6 A mhéid agus is féidir, má mheastar go bhfuil aon fhoráil de Cheadúnas seo LNE neamhdhleathach, neamhbhailí nó do-infheidhmithe nó má éiríonn aon fhoráil de neamhdhleathach, neamhbhailí nó do-infheidhmithe, déanfar í a leasú go huathoibríoch i leith an íosmhéid is gá chun foráil dhleathach, bhailí agus infheidhmithe a dhéanamh di. Murar féidir an fhoráil a leasú, déanfar é a bhaint ó Cheadúnas seo LNE gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht, bailíocht agus infhorfheidhmitheacht na dtéarmaí agus gcoinníollacha eile.
- 6.7 Déanfar Ceadúnas seo LNE a rialáil agus a thuiscint i gcomhréir le dlíthe na hÉireann agus géilleann Tú, leis seo, do dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann chun díospóidí a réiteach a eascraíonn as Ceadúnas seo LNE nó maidir le Ceadúnas seo LNE.